Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13823/18**

**COASI 258**
**ASIE 59**
**CFSP/PESC 1048**
**CSDP/PSDC 658**
**RELEX 966**
**COHAFA 99**
**COHOM 141**
**COTER 160**
**DEVGEN 209**
**MIGR 188**
**TRANS 552**
**WTO 294**
**COPS 434**
**POLMIL 209**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13821/18 |
| Ábhar: | An Afganastáin<br>- Conclúidí ón gComhairle (19 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afganastáin, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3252ú cruinniú dá cuid, a bhí ar siúl ar an 19 Samhain 2018.

**IARSCRÍBHINN**

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Afganastáin

**Faisnéis Ghinearálta**

1. Ag meabhrú di Straitéis an Aontais do 2017, agus na Conclúidí ón gComhairle ó mhí Dheireadh Fómhair 2017, athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas fadtéarmach chun tacú le muintir na hAfganastáine agus iad ag iarraidh an tsíocháin, an tslándáil agus an rathúnas a bhaint amach. Meastar don Aontas gurb é cloch choirnéil na cobhsaíochta agus na forbartha sa réigiún ina iomláine é an tsíocháin agus an rathúnas a bheith i réim san Afganastáin. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an comhaontú comhair maidir le comhpháirtíocht agus forbairt (CAPD) á chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach agus meastar di gur céim mhór chun cinn é sa chaidreamh déthaobhach idir an tAontas Eorpach agus an Afganastáin.

2. Deis iontach a bheidh sa Chomhdháil Aireachta maidir leis an Afganastáin a reáchtálfar sa Ghinéiv ar an 27-28 Samhain 2018 chun breathnú ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na hathchóirithe a rinneadh ó reáchtáladh Comhdháil na Bruiséile in 2016, athchóirithe a comhaontaíodh go frithpháirteach, agus chun clár oibre réamhbhreathnaitheach a leagan síos don tsíocháin, don chobhsaíocht agus don bhforbairt inbhuanaithe. Molann an tAontas gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe agus Misean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe san Afganastáin as a thiomanta atá siad an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chur i réim san Afganastáin.

3. Ag meabhrú dó Conclúidí ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair i ndáil le Straitéis an Aontais maidir leis an Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile, tacaíonn an tAontas Eorpach leis an idirphlé polaitiúil agus leis an gcomhar eacnamaíoch idir é agus an Afganastáin agus le tíortha comharsanachta agus leis an réigiún i gcoitinne, lena n-áirítear tíortha na hÁise Láir, trí líonraí agus comhpháirtíochtaí a bhunú d'fhonn an nascacht inbhuanaithe a fhorbairt. A bhuí leis an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcomhar eacnamaíoch agus tionscadail nascachta ar bhonn réigiúnach, beidh buntáistí nithiúla ann do mhuintir na hAfganastáine agus treiseoidh sé leis an obair atá ar bun i láthair na huaire chun an tsíocháin a chur i réim.

**An tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht réigiúnach a chur chun cinn**

4. Is díol sásaimh don Chomhairle an méadú atá ag teacht ar chomhthoil i measc geallsealbhóirí na hAfganastáine, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, i dtaca le paraiméadair an phróisis síochána, más ann dó. Tacaíonn an tAontas Eorpach le próiseas cuimsitheach síochána a bheadh faoi stiúir agus faoi úinéireacht na hAfganastáine, a mbeadh an Rialtas agus an Talaban ina lár istigh, agus meastar dó gurb é sin an t-aon bhealach inmharthana é chun réiteach inbhuanaithe a fháil ar an gcoinbhleacht armtha. Le go n-éireodh leis an bpróiseas sin, chaithfí droim láimhe a thabhairt leis an bhforéigean, chaithfí gach nasc leis an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta a bhriseadh, chaithfí cloí leis an smacht reachta agus chaithfí cearta an duine mhuintir na hAfganastáine a urramú ina n-iomláine.

5. Impíonn an Chomhairle ar na páirtithe go léir sa choimhlint, go háirithe ar an Talaban, a bheith páirteach i gcaibidlíocht fhoirmiúil i dtaobh na síochána. Is díol sásaimh don Aontas na tionscnaimh is déanaí ó Rialtas na hAfganastáine, amhail gur thairg siad dul i mbun cainte gan aon réamhchoinníollacha, agus an sos comhraic sealadach le linn saoire Eid al-Fitr na bliana seo, a ndearna an Talaban amhlaidh, go páirteach. Léiríonn an bealach a ndeachaigh an scéala faoin sos comhraic i bhfeidhm ar mhuintir na hAfganastáine go bhfuil siad féin go mór i bhfabhar na síochána agus réidh le hathmhuintearas a dhéanamh lena chéile. Is oth leis an Aontas nár tháinig sánas ar bith ar an bhforéigean ó shin ó tharla nár ghlac an Talaban leis an síneadh a chuir an Rialtas le sos comhraic Eid al-Fitr, agus ó tharla gur dhiúltaigh siad do thairiscint eile ar shos comhraic a rinneadh ina dhiaidh sin.

6. Is trua leis an Aontas an méadú atá ag teacht ar líon na dtaismeach sibhialtach agus cáineann sé gach uile ionsaí ar shibhialtaigh agus ar shaoráidí sibhialtacha, lena n-áirítear scoileanna, ionaid creidimh agus ionaid vótála, agus meabhraíonn sé an fhreagracht atá ar na páirtithe uile sibhialtaigh a chosaint i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá orthu de bhun an an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Iarrann an tAontas go ndéanfaí imscrúdú in am trátha ar gach cás ina maraítear sibhialtaigh, faoi chuimsiú imeachtaí neamhspleácha trédhearcacha.

7. Impíonn an Chomhairle ar na tíortha comharsanachta go léir agus ar na gníomhaithe réigiúnacha go léir tacú le Rialtas na hAfganastáine an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chur chun cinn agus is díol sásaimh di tionscnaimh amhail Comhdháil Idirnáisiúnta Tashkent, arna hóstáil ag an Úisbéiceastáin i mí an Mhárta, ar tionscnaimh iad a chuireann leis an méid atá ar bun ag an Afganastáin féin. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an tsíocháin agus le cobhsaíocht fhadtéarmach trí idirphlé leis na páirtithe réigiúnacha agus le geallsealbhóirí tábhachtacha idirnáisiúnta, agus tacaíonn sé leis an ról nach beag atá ag Toscaire Speisialta an Aontais Eorpaigh maidir leis an Afganastáin ina leith sin. Molann an tAontas comhtháthú breise eacnamaíoch ar bhonn réigiúnach, lena n-áirítear trí naisc a fhorbairt idir an Afganastáin agus an Áise Láir, chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe.

8. Is díol sásaimh don Aontas an ráiteas comhpháirteach idir Rialtas na hAfganastáine agus ECAT ag an gcruinniú mullaigh a bhí ar siúl sa Bhruiséil i mí Iúil 2018 chun cur leis an méid atá ar bun ag Misean na Tacaíochta Diongbháilte i dtaobh Fórsaí Cosanta agus Slándála Náisiúnta na hAfganastáine a fhorbairt ar bhealach leordhóthanach, inbhuanaithe, chun síneadh a chur le cothú airgeadais fhórsaí na hAfganastáine as seo go 2024, agus chun tacú le gealltanais ghaolmhara Rialtas na hAfganastáine.

9. Impíonn an tAontas ar gach tír ceannasacht, neamhspleáchas, sláine chríocha agus aontacht náisiúnta na hAfganastáine a urramú. Ní fhéadfaidh an Afganastáin a bheith mar leithscéal ag gníomhaithe eachtracha chun dul i mbun cogaíochta státurraithe. Sa chomhthéacs sin, iarrann an tAontas ar na tíortha comharsanachta a ndícheall a dhéanamh cur i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh i ngach cló dóibh, agus deireadh a chur le tearmainn do líonraí sceimhlitheoireachta, agus na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí idirnáisiúnta a urramú go hiomlán, lena n-áirítear faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine.

10. Molann an tAontas do gach tionscnamh idirnáisiúnta tacú leis an tsíocháin san Afganastáin chun comhar leis an Rialtas a áirithiú faoi scáth uileghabhálach Próiseas Chabúl, ionas gur fearr is féidir teacht ar réiteach polaitiúil síochánta.

**An daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine a athneartú agus dea-rialachas agus cumhachtú na mban a chur chun cinn**

11. Leis na toghcháin pharlaiminteacha i mí Deireadh Fómhair 2018, na chéad thoghcháin faoi stiúir agus faoi riar na hAfganastáine ón mbliain 2001 i leith, léirítear gurb é mian láidir phobal na hAfganastáine, lena n-áirítear mná agus daoine óga, a bheith rannpháirteach sa phróiseas daonlathach agus léiríonn sé freisin an misneach atá acu agus an teacht aniar atá iontu. Molann an tAontas na híobairtí a rinne na fórsaí slándála, rud a d'fhág go bhféadfaí na toghcháin sin a chur sa siúl. Cáineann an Chomhairle an foréigean a mhill na toghcháin sin, go háirithe na hionsaithe a rinneadh ar na hoibríochtaí toghchánaíochta. Na hionsaithe coiriúla, brúidiúla a rinne an Talaban agus grúpaí sceimhlitheoireachta agus ceannairce eile ar shibhialtaigh agus ar oifigigh le linn an fheachtais toghchánaíochta, ní féidir iad a chosaint. Déanann an Chomhairle comhbhrón leis na híospartaigh agus lena dteaghlaigh, agus seasann sí i ndlúthpháirtíocht leo. In ainneoin na n-athchóirithe inmholta a ghlacadh i leith na dtoghchán ó reáchtáladh na toghcháin go deireanach, ba léir gur cuireadh as go mór don vótáil mar gheall ar mhórfhadhbanna teicniúla agus eagraíochtúla agus mar gheall ar amhras faoi chalaois fhorleathan. Ní mór mearbhearta stóinsithe a shainaithint láithreach a chaomhnóidh sábháilteacht, trédhearcacht, cuntasacht agus creidiúnacht an bhallóid. Tá sé ríthábhachtach freisin i dtaobh toghcháin Uachtaránachta 2019, a mbeidh an tAontas Eorpach ag súil go dtacóidh na páirtithe polaitiúla agus na geallsealbhóirí, lena n-áirítear Rialtas na hAfganastáine agus an Coimisiún Toghcháin Neamhspleách (IEC), leis an bpróiseas daonlathach agus ar bhealach cuiditheach leis an gcobhsaíocht pholaitiúil. Cuireann an Chomhairle i dtreis go gcaithfear tuilleadh a dhéanamh ina leith sin agus athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí le próiseas cuimsitheach polaitiúil.

12. Trí thacaíocht pholaitiúil agus airgeadais, tá an tAontas tiomanta i gcónaí do na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn san Afganastáin. Aithníonn an tAontas na céimeanna a ghlac an Rialtas i ndáil leis sin, eadhon trí ghlacadh leis an gCód Pionósach nua, le reachtaíocht um fhrithchéasadh agus le reachtaíocht chun foréigean in aghaidh na mban a dhíothú. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann i ndáil le cearta an duine agus tá gá le hiarrachtaí breise lena áirithiú go dtugtar lán-urraim do chearta an duine, go háirithe neartú cur chun feidhme éifeachtach beartas agus reachtaíochta ar gach leibhéal ar fud na tíre. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar thairbhiú a gcearta ag leanaí agus ag mná, lena n-áirítear bearta chun foréigean a dhéantar in aghaidh leanaí agus ban a chosc, bearta chun pósadh éigeantais a chosc, chun an céasadh, an drochíde agus an t-idirdhealú a chomhrac; agus chun lucht cosanta chearta an duine agus iriseoirí a chosaint chomh maith leis na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

13. I gcomhréir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, athdhearbhaíonn an tAontas a chuid tacaíochta do mhná a bheith rannpháirteach go fóinteach in aon tionscnamh síochána, lena n-áirítear i gcaibidlíocht na síochána, í gcothú na síochána agus i gcosc coinbhleachta, agus i bhforbairt slándála agus eacnamaíoch na tíre. Tá an tAontas lántiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hAfganastáine maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil, cur chun feidhme an dlí chun foréigean i gcoinne na mban a dhíothú agus cur chun feidhme clár náisiúnta tosaíochtaí cumhachtú eacnamaíoch na mban.

14. Meabhraítear don Chomhairle gur den riachtanas iad athchóirithe i réimse an smachta reachta, an cheartais agus frith-éillithe agus tathantaíonn sí ar údaráis na hAfganastáine dlús a chur le bearta frith-éillithe, a bhfuil cur chun feidhme iomlán na straitéise náisiúnta mar chuid de, lena n-áirítear imscrúdú agus ionchúiseamh éillithe a bheadh éifeachtach agus éifeachtúil. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do thacaíocht a thabhairt do chóras éifeachtach ceartais, rialach agus reachta.

**Tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch agus dhaonna**

15. Ag aithint di go bhfuil dlúthbhaint idir an tsíocháin agus an fhorbairt inbhuanaithe, athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach a thiomantas, mar chomhpháirtí láidir don Afganastáin, na hinstitiúidí is gá don tsíocháin, don chobhsaíocht agus don daonlathas a threisiú anuas ar na hiarrachtaí diongbháilte uaidh chun an bhochtaineacht a laghdú. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Aontas an tacaíocht airgeadais shubstainteach a tugadh don tír sin. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn ginearálta atá déanta ag an Rialtas i gcur chun feidhme clár oibre uaillmhianach don athchóiriú, a cuireadh i láthair ag Comhdháil na Bruiséile i 2016, go háirithe an Creat Náisiúnta don tSíocháin agus don Fhorbairt de chuid na hAfganastáine.

16. Spreagann an Chomhairle an Rialtas chun dlús a chur leis na hiarrachtaí leis na cuspóirí uile faoin gCreat don Fhéintuilleamaí tríd an gCuntasacht Fhrithpháirteach atá ann faoi láthair a bhaint amach. Tá an tAontas ag súil go nglacfar Creat na Ginéive um Chuntasacht Fhrithpháirteach ina leagfar amach cuspóirí soiléire agus intomhaiste don athchóiriú sna blianta romhainn amach.

17. Athdhearbhaíonn an tAontas a chuid tacaíochta le go mbeidh na cláir tosaíochta náisiúnta a forbraíodh faoi Chreat Náisiúnta don tSíocháin agus don Fhorbairt de chuid na hAfganastáine. Meabhraítear don Aontas an gá atá le measúnú a dhéanamh ar na torthaí a bhí ar na cláir tosaíochta náisiúnta.

**Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na himirce agus an easáitithe**

18. Aithníonn an Chomhairle an tiomantas ó Rialtas na hAfganastáine don comhar atá eadrainn maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an imirce. Ag an am céanna athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá Comhghníomh don Todhchaí idir an tAontas agus an Afganastáin agus socruithe déthaobhacha na mBallstát maidir le himirce, uirlisí ríthábhachtacha chun ár gcomhspriocanna a bhaint amach ar bhealach inbhuanaithe, rud a áiritheoidh go mbeidh próiseas éifeachtach ann maidir le filleadh agus athligean isteach agus go leanfar leis an gcomhrac i gcoinne imircigh a bheith á smuigleáil agus i gcoinne na gáinneála ar dhaoine. Ní mór leanúint ar aghaidh gan sos gan staonadh le cur chun feidhme na socruithe sin i gcomhréir le prionsabail ghinearálta an dlí idirnáisiúnta.

19. Is eol don Aontas na dúshláin a bhaineann leis an imirce agus leis an easáitiú éigeantach do na tíortha sa réigiún, is díol sásaimh don Aontas na treochtaí atá ann maidir le filleadh deonach ón bPacastáin, agus tugann sí dá haire na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Rialtas na hAfganastáine oibriú ar athimeascadh inbhuanaithe fillithe. Is gné ríthábhachtach é an t-athimeascadh le go mbeidh rath ar phróiseas síochána. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt, lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de, do fhilleadh intuartha, sábháilte, ordúil agus le dínit náisiúnach na hAfganastáine ó thíortha comharsanachta agus cur chuige cuimsitheach, bunaithe ar Dhearbhú Nua Eabhrac agus ar an gCreat Cuimsitheach Freagartha do Dhídeanaithe (CRRF), chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin a bhaineann leis an imirce agus leis an easáitiú éigeantach.

20. Is ábhar mór imní don Chomhairle raon feidhme na riachtanas daonnúil agus staid uafásach na ndaoine easáitithe ina dtír féin. Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil triomach dian ar fud na tíre ag cur isteach go mór ar na pobail is leochailí. Leanfaidh an tAontas de chúnamh daonnúil bunaithe ar riachtanais a chur ar fáil do mhuintir na hAfganastáine.